## PREASEISIÚINT Uimh. 162/24

Lucsamburg, 4 Deireadh Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-406/22 | Ministerstvo vnitra České republiky, Odbor azylové a migrační politiky

# Beartas tearmainn: ní mór críoch iomlán tríú tír a chumhdach le hainmniú na tíre sin mar thír shábháilte thionscnaimh

*Ní mór don chúirt náisiúnta a scrúdaíonn dlíthiúlacht cinnidh riaracháin lena ndiúltaítear cosaint idirnáisiúnta a dheonú mainneachtain rialacha dhlí an Aontais maidir le hainmniú tríú tír mar thír shábháilte thionscnaimh a chur san áireamh*

Déanann an Chúirt Bhreithiúnais na coinníollacha faoina n-ainmneoidh Ballstát tríú tíortha mar thíortha sábháilte tionscnaimh faoin treoir maidir le nósanna imeachta coiteanna le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a shonrú. [1] Measann sí nach bhfágann maolú atá déanta ag tríú tír ar na hoibleagáidí faoin ECHR nach féidir í a ainmniú amhlaidh Ní mór d'údaráis na mBallstát, áfach, a mheas an bhfuil na coinníollacha maidir leis an gceart chun maolú a chur chun feidhme in ann an t-ainmniú sin a thabhairt faoi cheist. Measann an Chúirt Bhreithiúnais go gcuireann dlí an Aontais cosc ar Bhallstát tríú tír a ainmniú mar thír thionscnaimh shábháilte do chuid dá críoch amháin. Ina theannta sin, ní mór don chúirt náisiúnta a n-iarrtar uirthi dlíthiúlacht cinnidh riaracháin maidir le cosaint idirnáisiúnta a scrúdú dul i ngleic uaithi féin, mar chuid dá scrúdú iomlán, le mainneachtain rialacha dhlí an Aontais a bhaineann le hainmniú tíortha sábháilte tionscnaimh a chur san áireamh.

In 2022, rinne CV, náisiúnach de chuid na Moldóive, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i bPoblacht na Seice. Mar thaca lena iarratas, bhí CV ag brath ar na bagairtí a rinne daoine aonair dó sa Mholdóiv a rinne ionsaí air roimhe seo agus nach raibh na húdaráis phóilíneachta in ann iad a aithint. Chuir sé in iúl chomh maith nár mhian leis filleadh ar a réigiún tionscnaimh mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Dhiúltaigh údaráis na Seice an t-iarratas sin, ag cur san áireamh, *inter alia*, gur ainmníodh an Mholdóiv, cé is moite den Tras-dnístria, mar thír shábháilte tionscnaimh. Níor éirigh le CV a léiriú nach bhfuil an t-ainmniú sin bailí ina chás féin ar leith.

Chuir an Chúirt Réigiúnach, Brno (Poblacht na Seice), agus achomharc CV i gcoinne dhiúltú a iarratais á éisteacht aici, roinnt ceisteanna faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais maidir le léiriú na treorach maidir le nósanna imeachta coiteanna le haghaidh cosaint idirnáisiúnta.

Tugann an Chúirt dá haire, ar dtús, **nach scoireann tríú tír de na critéir a chomhlíonadh lena gcumasaítear í a ainmniú mar thír shábháilte tionscnaimh ar an bhforas amháin go n-agraíonn sí an ceart chun maolú** [2] **ar na hoibleagáidí a leagtar síos leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR).** Ní thacaíonn an dearbhú go rachaidh sí i muinín an mhaolaithe sin, ann féin, leis an gconclúid go ndearnadh bearta maolaithe i ndáiríre ná le cineál agus scála na mbeart sin. Mar sin féin, má táthar ag brath ar an gceart chun maolú, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát a mheas an bhfuil na coinníollacha maidir lena chur chun feidhme de chineál a thabharfadh amhras ar an ainmniú sin.

Ina dhiaidh sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais nach gceadaítear faoi láthair le dlí an Aontais do na Ballstáit gan

ach cuid de chríoch an tríú tír lena mbaineann a ainmniú mar thír thionscnaimh shábháilte. **Ní mór go gcomhlíonfaí na critéir chun tríú tír a ainmniú mar thír shábháilte thionscnaimh ar fud a críche.**

Ar deireadh, sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór do **chúirt náisiúnta** a bhfuil achomharc faoina bhráid i gcoinne diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag iarratasóir ó thríú tír atá ainmnithe mar thír shábháilte thionscnaimh **mainneachtain rialacha dhlí an Aontais a bhaineann leis an ainmniú sin a chur san áireamh**. Dá bhrí sin, agus scrúdú á dhéanamh ar an gcaingean a tugadh os a comhair, ní mór don Chúirt Réigiúnach, Brno, maolú na Moldóive ar a hoibleagáidí faoi ECHR a chur san áireamh chomh maith le mainneachtain Phoblacht na Seice an coinníoll a chomhlíonadh nach mór ainmniú tríú tír mar thír thionscnaimh shábháilte críoch iomlán an tíre sin a chumhdach leis an ainmniú sin.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar.

[2] Faoi Airteagal 15(1) ECHR ceadaítear do na Stáit Chonarthacha maolú ar a oibleagáidí faoi ECHR in aimsir chogaidh nó práinne poiblí eisceachtúil eile lena mbagraítear ar shaol an náisiúin. Tá coinníollacha áirithe ag gabháil le feidhmiú an chirt sin agus tá sé faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. An 25 Feabhra 2022, chuaigh an Mholdóiv i muinín Airteagal 15 ECHR mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh a bhí ann sa tír sin. An 28 Aibreán 2022, mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin, chinn sí síneadh a chur le feidhmiú an chirt maolaithe sin.